# Nuacht Litir an Fhómhair, 2023

Tá sé deacair a chreidiúint go bhfuil an chéad leath théarma thart.
Tóg an t-am chun nuachtlitir na scoile a léamh, le do thoil.

**Baill Fhoirne Nua**

Bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh bhaill fhoirne nua den scoth chuig Gaelscoil Lir an téarma seo: Ciara Nic Oscair (Leas-Phríomhoide); Caitríona Ní Thiarnáin; Laura Ní Chuilinn, Eimear Ní Mhaolmhuaidh; Andrea Baiséid; Jillian Ní Thuathail. Gabhaim buíochas leis an bhfoireann go léir as a sároibre, dúthrachta agus aire.

**Foirgneamh Nua**

Cuirfidh an Roinn Oideachais léiriú de na pleananna dár bhfoirgneamh buan scoile ar an 10 Samhain. Seolfar nuashonrú amach an tráthnóna sin. Tá an próiseas tairisceana curtha i gcrích agus tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag na bainisteoirí tionscadail, KSNPM, ar thairiscintí.

**Meastóireacht Scoile Uile**

Bhí an-áthas orainn tuarascáil dhearfach a fháil ón Roinn Oideachais bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach i mí Feabhra, 2023. Léiríonn sé láidreacht ár bhfoireann, tacaíocht ar ár dteaghlaigh agus ár ndaltaí iontacha. Is féidir an tuarascáil iomlán a fháil anseo.

**Vacsaíní**

Thug Ionad Leighis Swiftbrook an vacsaín fhliú do roinnt daltaí i mí Dheireadh Fómhair, thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Tairgfidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na vacsaíní 4-in-1 agus MMR do dhaltaí Naíonáin Shóisearacha sna seachtainí amach romhainn. Tuilleadh eolais le teacht.



**Garda Colm**

Bhí sceitimíní áthais orainn nuair a tháinig an Garda pobail áitiúil, Colm Byrne, ar cuairt chuig an scoil. Rinne sé cur i láthair faoin gcaoi a n-oibríonn daoine éagsúla inár bpobal chun muid a choinneáil shlán, sábháilte. Fuair na páistí deis fiú a hata agus a chóta a chaitheamh.

**Seachtain an Chairdis**

Bhí an-spórt ag na páistí i mí Dheireadh Fómhair, ag foghlaim cluichí clóis nua, ag foghlaim cén chaoi le' bheith ina chara maith agus cén chaoi spraoi ar bhealach deas le páistí eile. Buíochas le Ciara as na gníomhaíochtaí agus na hacmhainní áille a eagrú.

I nGaelscoil Lir, tá muid go léir cairdiúil lena chéile agus tá sé tábhachtach dúinn go mothaíonn ár bpáistí sona, sábháilte agus go bhfuil siad san áireamh ar scoil. Má tá imní ort riamh faoi do pháiste, déan teagmháil lena múinteoir ranga, nó labhair le Sinéad.

**Seachtain na Matamaitice**

Bhí an-spraoi ag na páistí i rith Sheachtain na Matamaitice. D'eagraigh Ciara cosáin mata taobh amuigh agus taobh istigh, agus d'imir na páistí cluichí matamaitice gach lá. Bhí ceachtanna ealaíne agus ceoil bunaithe ar mhata ann fiú. Lean ort ag comhrá le do pháiste faoin mata sa saol laethúil chun tacú lena gcuid foghlama.



**Siúlóid Oíche Shamhna**

Bhí an-spraoi ag na páistí ar a siúlóid Oíche Shamhna, agus rinne siad taispeántas beag ag stad LUAS.

**Cairde na Scoile**

Bhí ár gcéad chruinniú de chumann na dtuismitheoirí ann i mí Dheireadh Fómhair, agus buíochas lenár Rúnaí iontach, Aoife, as a cur i láthair agus a comhairle. Táimid an-bhuíoch as a gcuid ama agus táimid ag súil go mór le bheith ag obair le 'Cairde na Scoile' chun eispéiris speisialta a chur ar fáil dár ndaltaí agus do phobal na scoile. Beidh siad i dteagmháil go luath chun cuireadh a thabhairt duit chuig maidin tae/caifé do thuismitheoirí.

Má tá suim agat a bheith páirteach i 'Cairde na Scoile', nó fiú cabhrú linn anois is arís, abair le Sinéad, nó seol ríomhphost chuig sinead@gslir.ie.

**Zones of Regulation/Criosanna Rialacháin**

Mar scoil, úsáidimid Criosanna Rialacháin chun cabhrú leis na páistí a gcuid mothúchán a aithint, a ainmniú agus a bhainistiú. Tá mothúcháin casta agus chun iad a dhéanamh níos simplí do pháistí labhairt fúthu, smaoineamh orthu, agus rialáil a dhéanamh orthu, eagraíonn Criosanna na Rialála mothúcháin agus leibhéil fhuinnimh faoi ceithre dhath - Gorm, Glas, Buí agus Dearg. Léigh tuilleadh faoi Chriosanna Rialacháin anseo.

**Polasaithe Nua agus Nuashonraithe**

Is féidir teacht ár bpolasaithe nuashonraithe go léir ar ár láithreán gréasáin: gslir.ie

Mar scoil nua, táimid ag forbairt polasaithe nua go rialta agus tá aiseolas ó thuismitheoirí tábhachtach dúinn. Má tá cúpla nóiméad agat, léigh ár ndréachtbheartas measúnaithe anseo, agus seol aon tuairimí chuig sinead@gslir.ie



**Bainistiú tráchta**

Mar fhreagra ar ár n-iarratas beidh criosanna páirceála nua marcáilte ag tosach an fhoirgnimh. Meastar go mbeidh an obair sin críochnaithe tráthnóna amárach (6/11/23). Is féidir le páistí atá ag freastal ar Ghaelscoil Lir agus ETNS Ráth Cúil an áis nua a ***úsáid ón Máirt, 7 Samhain***.

Ná lig do do pháiste an carr a fhágáil gan cúnamh ó dhuine fásta. Déanfaimid ár ndícheall freastal ar do pháiste chomh tapa agus is féidir, ach sa chás go bhfuil níos mó daltaí ag teacht ná mar atá baill fhoirne, d'fhéadfadh go mbeadh ort fanacht ar feadh tréimhse ghearr. Más fearr leat do pháiste a shiúl go doras na scoile, is féidir leat páirceáil sa seanchlós mar a bhíodh roimhe seo.

Tharla roinnt timpistí ar an gcampas agus chonaic mé gar do thimpiste go minic. **Tiomáin go han-mhall agus go han-chúramach.**

D'fhéadfadh am bailithe a bheith níos dúshlánaí. Dúirt an DDLETB, ar leo an campas, nach bhfuil cead ag tuismitheoirí/cúramóirí a carranna fhágáil chun tosach, seachas iad siúd a bhfuil cead páirceála acu. Ós rud é

go bhfuil ár ndaltaí ró-óg an scoil a fhágáil gan tionlacan, bheadh sé ina chuidiú dá bhféadfá leanúint ar aghaidh ag páirceáil sa seanchlós ar chúl na scoile go dtí go mbeadh socrú níos sábháilte ann.

Beidh raca rothar ar fail isteach sa chlós i gceann seachtain nó dhó seo.

**Carrchlós: Leagan Amach Nua**




**Dátaí le tabhairt faoi deara:**

- 10 Samhain: Aonach Leabhair
- 24 Samhain: Ceardlann Drumadóireachta
- 20-23 Samhain 20 – 23: Cruinnithe Tuismitheoirí-Múinteoirí
- 27 Samhain – 1 Nollaig: Seachtain na hEolaíochta le léiriú ó Junior Einstein
- 20 Nollaig: Seó Geimhridh ag 12pm
- 22 Nollaig: An lá deireanach de Théarma 1 (ag críochnú ag 11:30r.n.)

Mar is gnáth, táimid anseo chun tacú le do pháiste agus leatsa. Ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh linn má tá cabhair ag teastáil.

Beir bua,

Sinéad Bheilbigh
Príomhoide